Foilsithe in *Feasta*, Márta, 2019, 9-10. Cóip an Údair.




# Léargas i nGaeilge ar Chúlra agus ar Phríomhimeachtaí Réabhlóid na Rúise

Léirmheas ar *Réabhlóid na Rúise – Leabhar 1*
(Andrias Ó Cathasaigh),
Coiscéim, 2017, ISBN 6660012170319

**Léirmheas le Marie Whelton,**
**Institiúid Oideachais Marino**

**Whelton, M., 'Léargas i nGaeilge ar Chúlra agus ar Phríomhimeachtaí Réabhlóid na Rúise: Léirmheas ar *Réabhlóid na Rúise – Leabhar 1* (Ó Cathasaigh).' *Feasta*, Márta, 2019, 9-10.**

## Réamhfhocal

Ba thráthúil gur sa bhliain 2017, céad bliain tar éis Réabhlóid na Rúise, a d'fhoilsigh Coiscéim an chéad leabhar Gaeilge ar an ábhar – *Réabhlóid na Rúise: Leabhar 1* (Andrias Ó Cathasaigh). Tá deich gcaibidil ann ina leanann an t-údar na himeachtaí go léir a tharla sa Rúis idir 1881 agus 1917. Tréimhse ghabhlánach i stair an domhain a bhí sa tréimhse sin, ar ndóigh, ach ba ghabhlánaí fós an tréimhse í i stair na Rúise agus éiríonn le Ó Cathasaigh léargas cróineolaíoch mionsonraithe a thabhairt uirthi. Ina theannta sin, cuireann sé amlíne agus gluais ar fáil ag deireadh an leabhair agus cuireann sé leaganacha Gaelacha de na hainmneacha cáiliúla Rúiseacha ar fáil i gcorp an leabhair chun cuidiú leis an léitheoir. D'fhonn comhthéacs a thabhairt don léirmheas seo agus d'fhonn scóip leathan an leabhair a léiriú, déanfar achoimre ar dtús anseo ar na príomhimeachtaí a

chlúdaítear ann. Is fiú a chur san áireamh, áfach, nach bhfuil san achoimre ach creatlach an scéil agus go mba dheacair a cheart a thabhairt don ábhar iomlán atá tiomsaithe sa leabhar in achoimre ghearr. Ina dhiaidh sin, déanfar measúnú ar an saothar ina iomláine agus luafar cuid de na buanna agus cuid de na laigí atá air i gcoitinne.

**Creatlach an Ábhair**

Cruthaíonn Ó Cathasaigh an suíomh le cur síos ar na hiarrachtaí éagsúla a rinneadh sa bhliain 1881 chun an Sár a mharú. In ainneoin gur maraíodh an Sár, ámh, sonraíonn Ó Cathasaigh gur mhair an Sárachas agus gur tháinig Alacsandar III i gcomharbacht ar Alacsandar II agus nuair a fuair seisean bás le hadhairt gur tháinig a mhac siúd – Niocalái II – i gcoróin. Cuireann an t-údar go leor fianaise os comhair an léitheora le léiriú go raibh réimeas an tSáir cruálach, go raibh ceannas iomlán aige ar an arm agus go raibh an chuid is mó den talamh ina sheilbh. Tugann sé le fios go mbíodh saol fíordheacair ag an gcosmhuintir faoin Sár – bhíodh orthu an-chuid oibre a dhéanamh ar bheagán pá agus d'éiligh an Sár orthu troid i gcogadh neamhéifeachtach i gcoinne na Seapáine. Mar a deir Ó Cathasaigh: 'Bhí na mílte Rúiseach dá n-íobairt in aisce' (lch 34).

Léiríonn Ó Cathasaigh gur sa chomhthéacs sin a tháinig an sóisialachas chun cinn. Tuairiscíonn sé ar na straitéisí éagsúla a bhíodh ag ceannairí an tsóisialachais chun a dteachtaireacht a

scaipeadh ar fud na Rúise agus míníonn sé go raibh na hoibrithe slógtha faoi 1905 agus gur mháirseáil siad, Domhnach amháin (9 Eanáir de réir an fhéilire a bhí i bhfeidhm sa Rúis ag an am), go Pálás an tSáir ag iarraidh coinníollacha oibre ní b'fhearr a bhaint amach dóibh féin. Chaith na saighdiúirí ag an bPálás urchair i dtreo na léirsitheoirí, áfach, agus maraíodh go leor agus gortaíodh go leor eile. Mar a dheimhníonn Ó Cathasaigh: 'Ba ghearr gur bhaist an saol mór Domhnach na Fola ar an lá' (lch 37). Taispeánann an t-údar gur phointe athraithe tábhachtach é an lá sin a chuaigh i bhfeidhm go mór ar na Rúisigh agus gur scaip an mhian chun réabhlóide ina dhiaidh. Is cuimsitheach an cur síos a thugann Ó Cathasaigh ar struchtúir na gluaiseachta sóisialaí a tháinig chun cinn tar éis Dhomhnach na Fola agus ar na scoilteanna éagsúla a tharla inti ag pointí éagsúla. Míníonn sé an caidreamh casta a bhíodh ann idir na Boilséivigh agus na Meinséivigh, mar shampla, agus an caidreamh a bhíodh ann, mar shampla eile, idir iad siúd a thacaigh le ról na Rúise sa Chéad Chogadh Domhanda agus iad siúd a bhí ina choinne (lch 171).

Go deimhin, roinneann Ó Cathasaigh go leor dá shaineolas leis an léitheoir ar ról na Rúise sa Chogadh Mór. Pléann sé an tslí a raibh ar go leor den chosmhuintir dul isteach san arm agus luann sé gur cuireadh na nuachtáin shóisialacha faoi chois (lch 68) le linn an chogaidh ach go ndearna ceannairí mar Lenin, Trótscaí agus Martóc, agus iad ar deoraíocht lasmuigh den Rúis,

nuachtáin agus bileoga a smuigleáil isteach sa Rúis ag cur i gcoinne an chogaidh agus in aghaidh an chaipitleachais (lch 69). Is mar seo a chuireann Ó Cathasaigh síos ar thoradh fuilteach an chogaidh: 'Faoi thús 1917, bhí dhá mhilliún ar a laghad d'arm na Rúise maraithe, a dhá oiread sin gortaithe, agus dhá mhilliún go leith ina gcimí' (lgh 73-74) agus, in áit eile deir sé, go raibh 'an sléacht ag tabhairt gach fabht san impireacht chun suntais' (lch 73).

I ndiaidh thionchar an Chogaidh a phlé, soláthraíonn Ó Cathasaigh mionchur síos ar 'Réabhlóid na Feabhra' (1917) agus luann sé tionchar na mbanoibrithe, go háirithe, a chuaigh ar stailc ar dtús. Tagraíonn sé do na círéibeacha foréigneacha a lean na stailceanna; don tslí ar thaobhaigh an t-arm le muintir na Rúise seachas leis an Sár; agus don tslí a raibh ar an Sár éirí as agus a choróin a thabhairt suas. Míníonn sé gur ghlac comhrialtas sealadach nua (Sóivéidí agus baill den rialtas traidisiúnta) seilbh ar an gcumhacht ansin agus gur tugadh ról an Phríomh-Aire do Leavóv, ar dtús, ach gur tháinig Ceireinscí i gcomharbacht air i mí Iúil, 1917. Sna míonna a lean réabhlóid Mhí Feabhra, rinne an rialtas sealadach iarracht an tír a rialú ach ba léir, go luath, nach raibh ag éirí leis an rialtas deireadh a chur le fadhbanna na ndaoine. Mar a deir Ó Cathasaigh: 'Bhain oibrithe arduithe móra páighe amach sna míonna i ndiaidh na réabhlóide, ach bhí ganntanas bunearraí ann i gcónaí…' (lch 93).

Faoi mhí Bhealtaine 1917, bhí na Boilséivigh i mbun léirsithe arís. Spreag sé sin Lenin chun filleadh ó dheoraíocht ar an Rúis, rud a chiallaigh go raibh sé in ann dul i bhfeidhm go mór ar imeachtaí ó Bhealtaine go Deireadh Fómhair, 1917. In éineacht le Trótscaí, Stalin agus ceannairí eile, d'éirigh leis a chur ina luí ar go leor de na Sóivéidí go mba chóir dóibh tabhairt faoi réabhlóid eile d'fhonn rialtas Marxach a chur ar bun in áit an Rialtais Shealadaigh. Sonraíonn Ó Cathasaigh gur thuig Lenin i mí Dheireadh Fómhair go raibh 'an móramh' (lch 157) leis agus go raibh sé 'in am acu a ghabháil i mbun réiteach praiticiúil an éirí amach' (lch 157). Tugann an t-údar cuntas glinn cúramach ar na himeachtaí foréigneacha go léir a tharla i rith mhí Dheireadh Fómhair mar chuid de Réabhlóid na mBoilséiveach agus ar na céimeanna éagsúla a leanadh go dtí gur thóg Lenin ceannas iomlán ar an tír. Luann sé sliocht spéisiúil as óráid Lenin nuair a fógraíodh go raibh deireadh leis an Rialtas Sealadach agus is fiú é a lua anseo d'fhonn príomhaidhm Lenin a thuiscint: 'Caithfidh muid dul i gceann stát sóisialach prólatáireach a thógáil sa Rúis…Go maire réabhlóid shóisialach an domhain!' (lch 167).

Is éard atá sa chaibidil dheireanach ná cur síos ar na fadhbanna tosaigh a bhí le sárú ag Lenin agus a rialtas nua agus iad ag dul i ngleic le cur le chéile an Bhunreachta nua; ag déileáil le lucht na frithréabhlóide; agus ag iarraidh fórsaí na Gearmáine a láimhseáil. Dúnann Ó Cathasaigh an leabhar le cuntas ar a náirí

agus a bhí sé do Lenin Conradh Síochána Bhréast a shíniú leis an nGearmáin chun an Rúis a thógáil as an gCogadh Mór agus tagraíonn an t-údar arís don uaillmhian a bhí ag Lenin 'réabhlóid uileEorpach' (lch 211) a chur ar bun. Ar ndóigh, mar is léir ó theideal an leabhair, níl an cuntas críochnaithe ag Ó Cathasaigh agus mar a mhaíonn sé sa réamhfhocal: 'Leanfar leis an scéal as sin ar aghaidh i Leabhar 2, áit a dtabharfar breith ar thaithí na réabhlóide freisin' (lch ix).

**Buanna agus Laigí**

Ceann de mhórbhuanna an leabhair is ea go dtugann an t-údar foshonraí don léitheoir in éineacht leis na fíricí stairiúla. Scinneann sé ón gceist anois agus arís agus tugann an nós sin faoiseamh don léitheoir ó na dátaí agus ó na hainmneacha iasachta go léir a mbíonn air / uirthi dul i ngleic leo. Is fiú cúpla sampla a lua. Is spéisiúil, mar shampla: go míníonn Ó Cathasaigh an chúis ar tugadh 'An Seanóir' ar Lenin agus é fós sna fichidí (lch 20); go dtugann sé cur síos ar na straitéisí éagsúla a bhíodh ag daoine chun eolas a scaipeadh agus a smuigleáil isteach sa Rúis (lgh 14-15) agus go míníonn sé sanasaíocht na bhfocal: 'Boilséivigh' agus 'Meinséivigh' (lch 27). Tá sé spéisiúil a fháil amach, freisin, go mbíodh 'Ceireinscí féin ag codladh i leaba mhór an tseansáir' (lch 137) sa bhliain 1917 agus is díol suime iad na sonraí pearsanta nach mór greannmhara faoi Lenin atá sa tuairisc seo: 'Ba é an chéad uair os comhair an phobail dó le breis agus ráithe, agus an fhéasóg

Foilsithe in *Feasta*, Márta, 2019, 9-10. Cóip an Údair.

ba dhual dó in easnamh. Nuair a bhain sé Institiúid Smóiliní amach an oíche roimhe, dhiúltaigh na saighdiúirí ar garda cead isteach don strainséara seo agus bhí air fanacht le slua agus téaltú isteach ina measc' (lch 167).

Cé go n-éascaíonn an t-údar an léitheoireacht leis na foshonraí bríomhara sin, ní leabhar don léitheoir ginearálta é an leabhar seo. Is gaire é do leabhar don speisialtóir é óir tá domhaintaighde speisialaithe taobh thiar de na caibidlí go léir agus tá miontuairiscí iontu faoi gach gné den Réabhlóid. Is trua é, áfach, nach luaitear ach tuairimí cheannairí na réabhlóide agus nach luaitear tuairimí staraithe eile atá tar éis taighde a dhéanamh ar an tréimhse staire. Ní cheistítear tuairimí na gceannairí ach an oiread agus ní dhéantar anailís chriticiúil orthu (feic nóta an údair ar lch x). Cé go luaitear go leor sleachta ó shaothar agus ó óráidí cheannairí na réabhlóide i gcorp an téacs, ní chuirtear tagairtí leis na sleachta agus ní chuirtear liosta léitheoireachta ar fáil ag deireadh an leabhair. Ina theannta sin, tugtar sleachta ó na ceannairí ar leathanaigh éagsúla tríd an leabhar síos nach snitear isteach i gcorp an téacs. B'fhéidir gurbh fhearr na sleachta áirithe sin a chur le chéile ag tús gach caibidle chun machnamh a spreagadh. Tá foinsí / dátaí na sleachta sin luaite ach ní thugtar uimhreacha na leathanach óna bhfuil siad tógtha agus ba dheacair, dá bhrí sin, do thaighdeoirí eile teacht orthu sna bunfhoinsí. Is é an toradh atá air sin go léir ná go dtiteann an leabhar idir dhá stól

Foilsithe in *Feasta*, Márta, 2019, 9-10. Cóip an Údair.

seachas freastal a dhéanamh ar lucht léitheoireachta cinnte amháin. Más lucht acadúil atá mar spriocphobal ag an leabhar, is féidir go gcuirfidh an tslí nach leantar nósanna acadúla coinbhinsiúnacha, agus an tslí nach n-úsáidtear an teanga chaighdeánaithe i gcónaí, frustrachas ar thaighdeoirí áirithe.

Ar an mórgóir, áfach, éiríonn le Ó Cathasaigh dul i ngleic le tréimhse staire chasta spéisiúil sa leabhar seo. Nuair a chuirtear san áireamh nach raibh sé sin déanta trí Ghaeilge roimhe seo, níl amhras faoi ach gur ceannródaí é Ó Cathasaigh sa ghort. Beidh scoláirí eile in ann tógáil, amach anseo, ar an dúshraith atá leagtha síos aige chun gnéithe ar leith den tréimhse staire a mhionchíoradh trí mheán na Gaeilge.